


An Rannóg Pholasaí,
Cháilíochtaí, Churaclaim agus
Mheasúnachta, an Roinn
Oideachais agus Scileanna,
Bloc 2, Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

☎ (01) 8892384



Qualifications, Curriculum
and Assessment Policy Unit,
Department of Education and
Skills, Block 2 Marlborough
Street,
Dublin 1

Facs (01) 8892040

Litir Chiorcláin 0056/2011

**Chuíg Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Theagaisc Bunscoileanna
CÉIMEANNA TOSAIGH MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME**

NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA

ACHOIMRE

Sa chiorclán seo

- Tarraingítear aird boird bhainistíochta, príomhoidí agus múinteoirí ar fhoilsiú *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011 – 2020* (féach Rannóg 1-2)
- Liostaítear cúig réimse le haghaidh gníomh láithreach a dhéanamh faoin straitéis (Rannóg 3)
- Soláthraítear faisnéis achomair ar roinnt forbairtí tosaigh maidir le deiseanna forbartha gairmiúla do mhúinteoirí chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht (Rannóg 4)
- Iarrtar ar scoileanna an méid ama a chaitheann siad ar litearthacht agus uimhearthacht a mhúineadh a mhéadú le héifeacht ó Eanáir 2012 (Rannóg 5)
- Tugtar breac-chuntas ar shocruithe maidir le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndaltaí, atá ceaptha chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don teagasc litearthachta agus uimhearthachta sa scoil, lena n-áirítear faisnéis faoi dheontais fheabhsaithe chun ábhair mheasúnaithe a cheannach (Rannóg 6)
- Cuirtear síos ar an dóigh ar cheart faisnéis mheasúnaithe ar dhul chun cinn daltaí a thairfeadh, a úsáid agus a thuairisciú (Rannóg 7)
- Soláthraítear faisnéis faoi mheasúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le léitheoireacht agus matamaitic lena bhfuil scoileanna na hÉireann bainteach agus leagtar amach ceanglais ar scoileanna i dtaca le rannpháirtíocht sna staidéir seo (Rannóg 8).

Tá na ceanglais ar scoileanna atá sa chiorclán seo aibhsithe i gcló trom iodálaithe. (Tá achoimre ar na ceanglais sin i Rannóg 9 den chiorclán.)

Cuir an chiorclán seo ar a súile do na múinteoirí agus do chomhaltaí bhord bainistíochta na scoile le do thoil.

Margaret Kelly,
Príomhoide
4th Samhain 2011

RÉAMHRÁ

D'iarr an tAire Oideachais agus Scileanna go ndéanfaí *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanáí agus Daoine Óga, 2011 - 2020* a chur faoi bhráid boird bhainistíochta, príomhoidí agus foireann theagaisc bunscoileanna. Tá cóip den straitéis ar fáil le híoslódáil ar láithreán Gréasáin na Roinne, www.education.ie. Tá achoimre phriontáilte ar na príomhbhearta sa Straitéis iniata chun faisnéis a thabhairt do mhúinteoirí agus do chomhaltaí na mbord bainistíochta.

Tá an litearthacht¹ agus an uimhearthacht² i measc na scileanna is tábhachtaí a theagasctar inár scoileanna. Tá siad riachtanach do dhaoine le go n-éireoidh leo san oideachas, go bhfaighidh siad fostaíocht shásúil agus go mbeidh saol sásúil agus pléisiúrtha acu. Cuirtear béim sa straitéis náisiúnta ar na róil thábhachtacha a bhíonn ag scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí maidir leis na scileanna sin a fhorbairt go hiomlán.

2. PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Rinne an tAire Oideachais agus Scileanna an straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a fhoilsiú tar éis próiseas fairsing comhairliúcháin. Chuir a lán múinteoirí agus pobail scoile leis an bpróiseas agus bhí eagraíochtaí náisiúnta a rinne ionadaíocht ar son múinteoirí, ar son tuismitheoirí agus ar son boird bhainistíochta agus bhí a lán eagraíochtaí pobail rannpháirteach fosta.

Tríd an straitéis seo a fhoilsiú, cuirtear tús le móriarracht náisiúnta chun feabhas a chur ar chaighdeán litearthachta agus uimhearthachta i measc leanáí agus daoine óga. Glactar cur chuige cuimsitheach sa straitéis agus cuimsítear raon leathan gníomhaíochtaí inti. Áirítear orthu sin bearta chun feabhas a chur ar an gcraic, chun cumas ceannairí scoile a fhorbairt, chun scileanna teagaisc a fheabhsú trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar, chun fad tréimhse an oideachais tosaigh do mhúinteoirí a neartú agus a leathnú, agus chun feacht níos fearr ar an tábhacht a bhaineann le litearthacht agus le huimhearthacht a chur chun cinn i measc tuismitheoirí agus an phobail. Cuirfear na gníomhaíochtaí sin chun feidhme le himeacht ama. Tá tacaíocht do scoileanna agus do mhúinteoirí á cur ar fáil trí sholáthar feabhsaithe maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Is mian leis an Aire a fhíorbhuíochas a chur in iúl don líon ard príomhoidí, múinteoirí agus foirne scoile aonair a chuir freagairtí mionsonraithe agus moltaí isteach maidir leis an Dréachtphlean um Litearthacht agus um Uimhearthacht. Tá a lán de na moltaí sin léirithe sa Straitéis Náisiúnta.

3. CÚIG RÉIMSE LE HAGHAIDH GNÍOMH LÁITHREACH A DHÉANAMH

Tá an tAire ag iarraidh ar lucht bainistíochta scoileanna agus ar mhúinteoirí comhoibriú maidir le cúig príomhréimse na Straitéise a chur chun feidhme:

¹ Áirítear ar litearthacht an cumas cineálacha éagsúla cumarsáide a léamh, a thuiscint agus léirmheas criticiúil a dhéanamh orthu, lena n-áirítear an teanga labhartha, téacs priontáilte, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha.

² Cuimsíonn uimhearthacht an cumas tuiscint agus scileanna matamaitice a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus aghaidh a thabhairt ar éilimh mhaireachtála ó lá go lá i dtimpeallachtaí sóisialta casta.

- (a) Feabhas ar fhorbairt ghairmiúil le haghaidh múinteoirí
- (b) An t-am atá ar fáil le haghaidh litearthacht agus uimhearthacht a theagasc a mhéadú
- (c) Feabhas a chur ar shocruithe maidir le measúnú a dhéanamh ar ghnóthachtáil litearthachta agus uimhearthachta leanaí
- (d) Socruithe níos fearr chun dul chun cinn leanaí a thuairisciú
- (e) Comhoibriú le staidéir mheasúnaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a riar

D'iarr an tAire chomh maith ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta obair a thosú ar leasuithe ar an gcuraclam agus ar sholáthar na n-acmhainní breise chun tacú le litearthacht agus uimhearthacht a theagasc.

4. FEABHAS AR FHORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH LE HAGHAIDH MÚINTEOIRÍ

Admhaítear sa Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta go bhfuil gá le feabhsuithe ar an oideachas tosaigh do mhúinteoirí agus le forbairt ghairmiúil leanúnach níos fearr le haghaidh múinteoirí agus príomhoidí atá ar seirbhís chun tacú le cur chun feidhme na straitéise. Tá an tAire tiomanta do chinntiú go gcuirfead deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá dírithe agus ábhartha ar fáil do mhúinteoirí le linn shaolré na Straitéise.

Tá tús curtha le hobair ar an tasc seo cheana:

- Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag cur na hathruithe ar an oideachas tosaigh do mhúinteoirí chun tosaigh agus i samhradh 2011 ghlac os cionn 12,000 múinteoir bunscoile páirt i líon méadaithe cúrsaí maidir le forbairt ghairmiúil samhraidh inar díriodh ar litearthacht agus ar uimhearthacht
- Cuireadh tús le clár náisiúnta maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach do phríomhoidí i bhfómhar 2011. Tá sonraí faoi na cúrsaí á gcur ar fáil do scoileanna ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- Rinneadh aonaid shonracha maidir le litearthacht agus uimhearthacht a theagasc agus úsáid an mheasúnaithe a fhorbairt agus a chuimsiú laistigh den chlár ionduchtúcháin atá ar fáil anois do gach múinteoir nuacháilithe le linn a dtréimhse promhaidh. Iarrtar ar phríomhoidí gach múinteoir nuacháilithe a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh sa chlár ionduchtúcháin.

5. AN T-AM A MHÉADÚ LE HAGHAIDH LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA

5.1 An leithdháileadh ama a mhéadú le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta

Foráiltear sa *Straitéis Náisiúnta* gur cheart an t-am a chaitear ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt ag an mbunleibhéal a mhéadú. Tacaíodh go mór leis an mbéim seo ar litearthacht agus ar uimhearthacht le linn an chomhairliúcháin maidir leis an straitéis.

D'iarr an Roinn ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfráma ama a moladh i *gCuraclam na Bunscoile* i bhfianaise an ghá an t-am a mhéadú le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta.

5.2 Coigeartú láithreach ar an am le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta

Ag feitheamh ar na coigeartuithe ar an bhfráma ama a mhol an CNCM agus le héifeacht ó Eanáir 2012 ceanglófar ar gach bunscóil:

- **an t-am a chaitear ar fhorbairt scileanna litearthachta a mhéadú, go sonrach i gcéad teanga na scoile, faoi uair amháin ar an iomlán maidir le cúrsaí teanga (Gaeilge agus Béarla) in aghaidh na seachtaine (.i. go dtí 6.5 uair do naíonáin a mbíonn lá níos gairide acu, agus go dtí 8.5 uair in aghaidh na seachtaine do dhaltaí a mbíonn lá iomlán acu)**
- **an t-am a chaitear ar an matamaitic a mhéadú faoi 70 nóiméad in aghaidh na seachtaine go dtí 3 huair agus 25 nóiméad do naíonáin a mbíonn lá níos gairide acu, agus go dtí 4 huair agus 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine do dhaltaí a mbíonn lá iomlán acu.**

Iarrtar ort foráil a dhéanamh do na socrúithe sin i do scoil trí roinnt cineálacha cur chuige amhail:

- **scileanna litearthachta agus uimhearthachta a chomhtháthú le réimsí eile den churaclam**
- **cuid den am lánroghnach, nó é go léir, a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta**
- **an t-am a chaitear ar na hábhair eile sa churaclam a ath-leithdháileadh ar fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta**
- **tús áite a thabhairt do na cuspóirí curaclaim a meastar go bhfuil an tairbhe is mó le baint astu maidir le tacú le foghlaim leanaí agus moill a chur ar ghnéithe roinnt ábhar a thabhairt isteach (mar shampla, moill a chur ar snáitheanna agus snáithaonaid ón gcuraclam staire agus tíreolaíochta a thabhairt isteach le haghaidh ranganna na naíonán agus le haghaidh na chéad ranganna agus na dara ranganna go dtí níos déanaí sa bhunsraith).**

Ba cheart cur chuige na scoile uile a thaifeadadh sa Phlean Scoile ionas gur féidir pleanáil múinteoirí aonair a ailíniú leis na cinní a dhéantar ar leibhéal na scoile. Soláthraíonn an Áis Phleanála Churaclaim ag www.nccaplaning.com tacaíocht do phleanáil múinteoirí agus cuireann sé pleanáil maidir le comhtháthú chun cinn trí chuardach le haghaidh eochairfhocal ar fud an churaclaim iomláin a chumasú).

Níl sé beartaithe go dtarlódh cúngú ar an gcuraclam mar gheall ar an mbéim mhéadaithe ar litearthacht agus ar uimhearthacht: mar shampla, cé go gcuirfidh ceachtanna teanga cuid de na príomhdhíseanna ar fáil chun scileanna litearthachta a fhorbairt, is féidir litearthacht a theagasc trí a lán gnéithe eile den churaclam chomh maith.

6. MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR GHÓTHACHTÁIL LITEARTHACHTA AGUS UIMHEARTHACHTA LEANAÍ

6.1 An ról ba chóir a bheith ag an measúnú

Is gnéithe riachtanacha iad fianaise a bhailiú faoi chomh maith is atá na daltaí ag foghlaim, agus an fhaisnéis sin a úsáid chun feabhas a chur ar na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil dóibh maidir lena chinntiú go ndéanfaidh gach dalta dul chun cinn maith maidir le scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt. Ba cheart do dtosódh an próiseas seo um shonraí measúnaithe a bhailiú agus a úsáid ar leibhéal an dalta aonair lena chur ar chumas an mhúinteora an teagasc a choigeartú chun go mbeidh sé oiriúnach do riachtanais foghlaiméirí aonair agus leis an dul chun cinn atá á dhéanamh acu a chur in iúl dóibh agus dá dtuismitheoirí.

Is gá bailiú agus úsáid sonraí measúnaithe a dhéanamh ar leibhéal scoile chomh maith, i dtreo is gur féidir le príomhoidí, múinteoirí agus boird bhainistíochta an fhaisnéis sin a úsáid chun chomh maith agus atá siad ag soláthar do riachtanais litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí aonair agus grúpaí daltaí sa scoil a shainiú agus an dóigh is fearr ar féidir leo feabhas a chur ar an bhfoghlaim sa scoil.

Tá sonraí measúnaithe de dhíth chomh maith le dul i gcion ar an mbeartas oideachais náisiúnta um litearthacht agus uimhearthacht agus chun na dóigheanna chun feabhas a chur ar fheidhmiú chóras na scoileanna a shainiú. Tá an straitéis litearthachta agus uimhearthachta ceaptha chun feabhas suntasach a chur ar bhailiú agus anailís na faisnéise faoi fhoghlaim daltaí ó thaobh litearthachta agus uimhearthachta de.

6.2 Treoirínte maidir le measúnú

Measúnú sa Bhunscoil: D'fhorbair an CNCM *Treoirínte do Scoileanna* agus rinne siad iad a eisiúint chuig gach múinteoir i mbunscoileanna ag deireadh 2007. Soláthraítear comhairle sna treoirínte do scoileanna maidir leis an dóigh is fearr le hAlt 22 den Acht Oideachais a chomhlíonadh, lena gceanglaítear ar scoileanna “meastóireacht rialta ar mhic léinn agus tuairisc faoi thorthaí na meastóireachta a thabhairt go tréimhsiúil do na mic léinn agus dá dtuismitheoirí”. Tá na treoirínte ar fáil le híoslóidéal ó láithreán Gréasáin www.nnca.ie faoi Fhoilseacháin).

6.3 Measúnú ar an bhfoghlaim agus measúnú ar chineálacha cur chuige maidir le foghlaim

Soláthraítear comhairle phraiticiúil i dtreoirínte an CNCM maidir le beartas measúnaithe scoile a fhorbairt bunaithe ar dhá chur chuige maidir le measúnú:

- Tarlaíonn *Measúnú chun Foghlama* nuair chuireann an múinteoir faisnéis faoi fhoghlaim an linbh in iúl don leanbh féin agus nuair a úsáideann an múinteoir an fhaisnéis sin chun na céad chéimeanna eile ina theagasc agus i bhfoghlaim an linbh a phleanáil
- Úsáidtear *Measúnú ar an bhFoghlaim* chun achoimre ar a bhfuil bainte amach ag an dalta a chur ar fáil ag pointí áirithe, amhail deireadh tréimhse staidéir, nó nuair a bhíonn aonad oibre críochnaithe, nó ag deireadh na bliana acadúla. Féadfar faisnéis

ó mheasúnú ar an bhfoghlaim a úsáid le tuairisciú do dhaoine eile, amhail tuismitheoirí agus múinteoirí eile.

Ba cheart do scoileanna comhcheangal cothrom de chleachtais maidir le *measúnú chun foghlama* agus *measúnú ar an bhfoghlaim* a úsáid. Tá comhairle mhionsonraithe ar an dá chineál measúnaithe i dtreoirínte an CNCM, *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirínte do Scoileanna*.

Iarrtar ar lucht bainistíochta agus ar fhoirne scoile athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar chleachtais mheasúnaithe i bhfianaise fhoilseachán an CNCM, Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirínte do Scoileanna agus na gceanglas maidir leis an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

6.4 Trialacha caighdeánaithe

Gné amháin den mheasúnú is ea triail chaighdeánaithe. Iarradh i gCiorclán 0138/2006 ar gach scoil trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Bhéarla agus sa matamaitic ag dá phointe ama sa bhunsraith. Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige sin mar chuid den Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta.

Tar éis comhairliúchán forleathan ar an straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta, chinn an tAire gur cheart na socruithe maidir le trialacha caighdeánaithe a leasú mar a leanas:

- ***Ceanglófar ar scoileanna a mhúineann trí Bhéarla trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh i gcás gach dalta i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6 le héifeacht ó 2012 i leith***
- ***Ceanglófar ar scoileanna a mhúineann trí Gaeilge trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme sa léitheoireacht Ghaeilge, sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh le haghaidh gach dalta i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6 le héifeacht ó 2012 i leith***

Iarrtar ort a chinntiú go gcuirfear trialacha caighdeánaithe chun feidhme i do scoil ar bhonn bliantúil sna ranganna ábhartha ag tosú i mBealtaine/Meitheamh 2012.

D'fhéadfaí daltaí a eisiáimh ó thrialacha caighdeánaithe má tá sé de thuairim an phríomhoide go bhfuil siad faoi mhíchumas foghlama nó faoi mhíchumas fisiceach a chuirfeadh chosc orthu iarracht a dhéanamh na trialacha a chomhlíonadh, nó i gcás daltaí imirceacha, i gcás ina mbeadh sé míchuí iarracht a dhéanamh an triail a dhéanamh i ngeall ar leibhéal an Bhéarla a theastaíonn.

6.5 Roghnú na n-uirlisí trialach

Is iad na scoileanna aonair a chinneadh an rogha uirlise iomchuí le haghaidh na dtrialacha caighdeánaithe, ar an gcoinníoll go bhfuil na trialacha a roghnófar normaithe do dhaonra na hÉireann agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis an mbunchuraclam.

6.6 Na deontais atá ar fáil

Déanfar na deontais maidir le huirlisí, scóráil agus lámhleabhair na dtrialacha a choigeartú chun an bpointe tástála breise a chur san áireamh, agus cuirfear an dáta íocaíochta ar aghaidh ó Nollaig 2012 go dtí Aibreán 2012.

Féadfar na cistí a úsáid chun uirlisí agus ábhair na dtrialacha a cheannach amhail lámhleabhair do mhúinteoirí, seirbhísí um scóráil na dtrialacha nó bogearraí a bhaineann le trialacha a thairgeann soláthraithe. Féadfar cistí a bheidh fágtha i ndiaidh chostais na dtrialacha caighdeánaithe a íoc a chaitheamh ar thástálacha diagnóiseacha de réir riachtanais scoile.

6.7 Taifid a choinneáil

Le haghaidh daltaí sna ranganna roghnaithe, ba cheart don scoil torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a choinneáil go cúramach agus ba cheart dóibh a bheith ar fáil lena n-iniúchadh ag oifigigh na Roinne.

7. TORTHAÍ NA MEASÚNUITHE A THUAIRISCIÚ AGUS A ÚSÁID CHUN FOGHLAIM NA NDALTAÍ A FHEABHSÚ

7.1 Tuairisciú do na tuismitheoirí

Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí maidir le tacú le foghlaim a gcuid leanaí. Féadfaidh scoileanna cumas tuismitheoirí a neartú maidir le tacú lena leanaí ar an dóigh seo trí fhaisnéis bhríoch a roinnt le tuismitheoirí faoin dul chun cinn atá á bhaint amach ag leanaí sa chóras oideachais. Ní mór an fhaisnéis seo a fháil ó na foinsí éagsúla fianaise a úsáideann múinteoirí, amhail comhráite leis an bhfoghlaim, scrúdú ar shonraí féinmheasúnaithe an dalta, barúlacha doiciméadaithe maidir le rannpháirtíocht an fhoghlaimora i leith tascanna, torthaí tascanna agus trialacha measúnaithe eile, agus samplaí de shaothair daltaí. Is minic a bheidh na tuismitheoirí ansin ábalta faisnéis múinteoirí ar dhul chun cinn a ndaltaí a shaibhriú trí fhaisnéis bhreise a chur ar fáil faoi foghlaim na ndaltaí sa bhaile.

7.2 Teimpléid cárta tuairisce

Ba cheart do na scoileanna cuidiú le tuismitheoirí an fhianaise ar foghlaim a thuairiscíonn an scoil dóibh a thuiscint go hiomlán, go háirithe faisnéis ó na trialacha caighdeánaithe. Chuir an CNCM raon teimpléad tuairiscithe caighdeánach ar fáil le cuidiú le scoileanna faisnéis faoi dhul chun cinn na ndaltaí bunscoile a thuairisciú do thuismitheoirí, lena n-áirítear faisnéis ó thrialacha caighdeánaithe. Forbraíodh teimpléid cártaí tuairisce an CNCM trí phróiseas comhairliúcháin le scoileanna agus tuismitheoirí agus cuirtear taighde arna choimisiúnú ag an CNCM san áireamh iontu.

Foráiltear sna cártaí tuairisce do thuairisciú i gceithre phríomhréimse:

- foghlaim agus gnóthachtáil an linbh ar fud an churaclaim
- meonta foghlama an linbh
- forbairt shóisialta agus phearsanta an linbh
- dóigheanna trínar féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim a linbh

Ní mór do gach bunscoil ceann de na teimpléid cárta tuairisce (atá ar fáil ag www.ncca.ie) a úsáid chun dul chun cinn agus gnóthachtáil daltaí ar scoil a thuairisciú do thuismitheoirí le héifeacht ó dháta an chiorcláin seo.

7.3 Cé chomh minic ar cheart do scoileanna tuairisciú do thuismitheoirí?

Trí theagmháil rialta a dhéanamh le thuismitheoirí faoi fhoghlaim a linbh, is féidir le scoileanna cuidiú le thuismitheoirí tacú le foghlaim agus dul chun cinn a linbh. Is féidir leis an teagmháil rialta agus an sreabhadh faisnéise seo idir thuismitheoirí agus an scoil tarlú ar a lán bealaí éagsúla. Fuair a lán scoileanna amach gur féidir le beartas scoile uile maidir le naisc le thuismitheoirí a bheith ina chuidiú mór leis an gcaidreamh tábhachtach seo a neartú.

Cé go ndéanfaidh scoileanna teagmháil rialta le thuismitheoirí faoi fhoghlaim a linbh, ceanglaítear ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí dul chun cinn na leanaí a thuairisciú dá dtuismitheoirí dhá uair le linn gach scoilbhliana:

- ***Ní mór tuairisc i scríbhinn a bheith i gceann de na himeachtaí tuairiscithe sin ag deireadh na scoilbhliana agus í curtha i láthair i bhformáid ceann de theimpléad tuairiscithe an CNCM ar a gcuirtear síos thuas***
- ***D'fhéadfadh an t-imeacht tuairiscithe eile a bheith ina chruinniú, nó ina chruinniú agus ina thuairisc i scríbhinn***
- ***Ní mór torthaí ar thriail chaighdeánaithe ar bith arna riar ag an scoil a chur sa teimpléad tuairisce. (Faoin Acht um Chosaint Sonraí (1998 & 2003), tá thuismitheoirí i dteideal torthaí a leanaí maidir le trialacha caighdeánaithe ar bith arna riar ag an scoil a fháil.) Ní mór torthaí trialacha caighdeánaithe a thaifeadadh ar roinn ar leith ar chárta tuairisce an linbh mar scór caighdeánach³ nó mar scór STen⁴***
- ***Ní mór do scoileanna tuairiscí i scríbhinn a eisiúint chuig thuismitheoirí in am dóthanach sula ndúnfaidh an scoil le haghaidh shaoire an tsamhraidh d'fhonn deis réasúnta a thabhairt do thuismitheoirí cruinnithe a iarraidh leis an bpríomhoide nó le múinteoir(i) chun an tuairisc i scríbhinn a phlé más gá.***

7.4 Conas is féidir le scoileanna cuidiú le thuismitheoirí torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a thuiscint?

Tá spás sa teimpléad tuairisce chun torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a thaifeadadh agus tá spás ann chun trácht ghairid a dhéanamh ar scór na trialach. D'fhoilsigh an CNCM bileoga míniúcháin do thuismitheoirí dar teideal *Your Child and Standardised Testing (Do Leanbh agus Trialacha Caighdeánaithe)*. Tá bileoga ar leith maidir le scóir STen agus scóir chaighdeánacha ar fáil ar láithreán Gréasáin an CNCM, www.ncca.ie. Tá faisnéis ar léirmhíniú agus ar thuairisciú torthaí trialach caighdeánaithe ar fáil chomh maith ar

³ Is éard is scóir chaighdeánacha iad claochluithe ar amhscóir trialach, ina mbíonn na scóir idir 55 go 145, le meánscór de 100 de ghnáth

⁴ Is éard atá i gceist le scóir STen ná scála deich bpointe ó na scóir chaighdeánacha, agus is é 1 an chatagóir is ísle agus 10 an chatagóir is airde. (Tá cur síos fairsing ar léirmhíniú scóir na dtrialacha caighdeánaithe ar fáil i Rannóg 2 *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (2007).

leathanaigh 60-65 d'fhoilseacháin an CNCM *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (2007).

Ba cheart do scoileanna cóipeanna de bhileoga míniúcháin an CNCM a chur ar fáil do thuismitheoirí agus na tuairiscí i scríbhinn á n-eisiúint acu chuig thuismitheoirí.

7.5 Faisnéis ar mheasúnú a thuairisciú, a anailísiú agus a úsáid ar leibhéal na scoile

Is féidir le faisnéis mheasúnaithe comhiomlánaithe le haghaidh ranganna nó grúpaí i scoil a bheith ina foinse an-tábhachtach fianaise le haghaidh pobal na scoile toisc go bhfuil sé d'aidhm leis feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim. Déanann scoileanna éifeachtacha anailís ar shonraí ó thrialacha caighdeánaithe agus ó fhoinsí eile go rialta agus rianaíonn siad treochtaí thar ama. Ní hamháin go rianaíonn siad gnóthachtáil ghinearálta na ndaltaí ach rianaíonn siad gnóthachtáil grúpaí ar leith, lena n-áirítear daltaí níos cumasaí agus grúpaí leochaileacha atá i mbaol deacrachtaí foghlama.

Úsáideann scoileanna éifeachtacha na sonraí ó mheasúnú chun tosaíochtaí a shainnighint dá bhforbairt lena n-áirítear athruithe a bheadh siad ag iarraidh a dhéanamh ar chineálacha cur chuige teagaisc, a dtosaíochtaí maidir le forbairt foirne agus acmhainní a fháil. Úsáideann siad faisnéis mheasúnaithe chomh maith mar chuid dá monatóireacht ar éifeachtacht nó ar ghnéithe de na tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm acu chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.

Ba cheart do mhúinteoirí, do príomhoidí agus do bhoird bhainistíochta an fhaisnéis mheasúnaithe a úsáid, lena n-áirítear faisnéis faoi litearthacht agus uimhearthacht, chun cleachtais féinmheastóireachta agus mhachnaimh na scoile agus a bpleananna um fheabhsú scoile a chur in iúl.

7.6 Teorainneacha ar shonraí comhiomlánaithe a úsáid

Tá sé tábhachtach a lua go bhfuil roinnt teorainneacha ar na hinfeiris is féidir a dhéanamh go hiontaofa agus comparáidí á ndéanamh bunaithe ar thorthaí líon beag measúnuithe ar dhaltaí. Mar shampla, tá féidearthacht níos mó ann go mbeidh tionchar ag factóirí seans ar scóir chomhiomlánaithe na dtrialacha nuair a chuirtear an triail ar líon beag daltaí. Tá inféiris ó chomparáidí níos iontaofa nuair a dhéantar measúnú ar thart ar dheichniúr daltaí nó níos mó ar gach leibhéal ranga, go háirithe agus comparáidí á ndéanamh idir treochtaí i ngnóthachtáil le himeacht ama nó nuair atá torthaí á gcur i gcomparáid le torthaí scoileanna comhchosúla.

7.7 Faisnéis ó thrialacha caighdeánaithe a thuairisciú do bhoird bhainistíochta

Féadfaidh príomhról a bheith ag boird bhainistíochta maidir le cultúr machnaimh a spreagadh sa scoil ina ndéanann an príomhoide, an fhoireann agus an bord athbhreithniú rialta ar an gcleachtas agus trína bhféachann siad d'fheabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc agus ar thorthaí foghlama na ndaltaí. Tá an cineál seo cultúir riachtanach d'fhonn feabhas a chur ar ghnóthachtáil i litearthacht agus uimhearthacht. Cuireann athbhreithniú rialta ar chaighdeán ginearálta na dtorthaí foghlama méid tábhachtach leis an bpróiseas seo.

Faoi fhorálacha alt 9(k) den Acht Oideachais, 1998, ní mór do scoileanna monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal gnóthachtála agus ar chaighdeáin acadúla na ndaltaí mar chuid dá monatóireacht leanúnaigh ar éifeachtacht scoileanna.

Le héifeacht ó Mheitheamh 2012:

- **Ceanglaítear ar phríomhoidí i mbunscoileanna sonraí measúnaithe comhiomlánaithe ó thrialacha caighdeánaithe a thuairisciú gach bliain do bhord bainistíochta a gcuid scoileanna**
- **Cuimseoidh an tuairisc seo torthaí comhiomlánaithe na dtrialacha caighdeánaithe arna riar de réir an chiorcláin seo. Tá cóip den fhoirm maidir le torthaí trialach a thuairisciú ceangailte leis an gclár seo.**

7.8 Torthaí measúnaithe a thuairisciú do scoileanna eile

Tá sé tábhachtach faisnéis mheasúnaithe a aistriú idir scoileanna, mar shampla, nuair a bhogann daltaí go dtí bunscoil eile nó nuair a aistríonn siad go dtí iar-bhunscoil, d'fhonn leanúnachas foghlama le haghaidh daltaí a chinntiú.

Le héifeacht ó Mheitheamh 2012:

- **Ní mór do phríomhoide gach bunscoile cóip de chárta tuairisce dheireadh na bliana (lena n-áirítear an fhaisnéis ó thrialacha caighdeánaithe) a sheoladh chuig an mbunscoil nó chuig an scoil dara leibhéal chuige n-aistríonn dalta**
- **Níor cheart an fhaisnéis seo a thabhairt go dtí go nglacfar leis an rollú sa bhunscoil nó sa scoil dara leibhéal**
- **Rinneadh socruithe reachtaíochta chun foráil a dhéanamh do chomhroinnt faisnéise maidir le dul chun cinn, lena n-áirítear torthaí na dtrialacha caighdeánaithe, sa chás go n-aistríonn daltaí ó scoil amháin go dtí scoil eile. Faoin Acht Oideachais (Leas) 2002 (Alt 28) agus na Rialacháin (Comhlachtaí Forordaithe) 2005 féadfaidh scoileanna faisnéis ábhartha a bhaineann le leanbh a aistríonn idir scoileanna aitheanta a chomhroinnt gan an dlí um chosaint sonraí a sháru.**

7.9 Torthaí trialacha caighdeánaithe a thuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna

Tá sonraí ar ghnóthachtáil daltaí riachtanach le dul i gcion ar an mbeartas oideachais náisiúnta agus chun bealaí le feabhas a chur ar fheidhmiú chóras na scoileanna a shainiú.

Le héifeacht ó Mheitheamh 2012:

- **Ceanglófar ar bhunscoileanna torthaí trialacha caighdeánaithe comhiomlánaithe a thuairisciú don Roinn Oideachais agus Scileanna uair amháin sa bhliain**
- **Ba cheart torthaí comhiomlánaithe gach ranga a thairfeadh i ndiaidh measúnuithe caighdeánaithe a dhéanamh ar léitheoireacht agus ar mhatamaitic i rang a dó, i rang a ceathair agus i rang a sé i mBealtaine/Meitheamh gach bliain**

- *Déanfar an teimpléad maidir le tuairisciú chuig boird bhainistíochta (atá san aguisín) a úsáid chun na sonraí a bhailiú*
- *Ní bhaileoidh an Roinn faisnéis mheasúnaithe faoi dhaltáí aonair ó scoileanna*
- *Rachaidh an Roinn i gcomhairle leis na comhpháirtithe ábhartha maidir leis na modhanna is inbhainistithe trína bhféadfaí na sonraí a bhailiú agus cuirfear na socruithe riaracháin maidir leis na sonraí a bhailiú in iúl do scoileanna roimh Mheitheamh 2012*
- *Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil sé beartaithe sonraí le haghaidh scoileanna aonair a fhoilsiú ná go mbeifí ábalta na sonraí sin a úsáid chun táblaí sraithe a thiomsú.*

8. MEASÚNUITHE NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

8.1 Na Measúnuithe Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht

Le roinnt bliana anuas, rinne an Foras Taighde ar Oideachas Measúnuithe Náisiúnta tréimhsiúla ar an Matamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla. Rinneadh na measúnuithe is deireanaí in 2009.

Tá na measúnuithe bunaithe ar thriail ar shampla eolaíoch de scoileanna agus de dhaltáí. Níl torthaí scoil aonair ar bith inaitheanta sa phróiseas seo.

Cuirtear faisnéis náisiúnta tábhachtach breise ar fáil sna measúnuithe ar ghnóthachtail sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht agus ar raon fachtóirí a d'fhéadfadh dul i gcion ar ghnóthachtáil, lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar an modheolaíocht nó ar an gcraclam, iarmhairt fachtóirí socheacnamaíocha, srl. Tugtar deis iontu fosta monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí le himeacht ama.

8.2 Measúnuithe idirnáisiúnta

Ó am go chéile, glacann Éire páirt i staidéir idirnáisiúnta ina ndéantar scrúdú ar ghnóthachtáil daltaí i litearthacht, in uimhearthacht agus in ábhair eile. Amhail na measúnuithe náisiúnta, tá na staidéir seo bunaithe ar shampla roghnaithe eolaíoch daltaí agus scoileanna, agus níl torthaí scoil aonair ar bith inaitheanta sa phróiseas seo. Is iad na staidéir idirnáisiúnta is déanaí ar ghlac daltaí bunscoile Éireannacha páirt iontu Progress in International Reading Literacy Study (PRILS) (Staidéar ar Dhul chun Cinn na Litearthachta Léitheoireachta Idirnáisiúnta) agus Trends in International Mathematics and Science Study (TIMSS) (Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta). Soláthraítear faisnéis chomparáideach i staidéir den sórt seo maidir le gnóthachtáil daltaí in Éirinn agus faoi fhachtóirí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoghlaim daltaí.

8.3 Rannpháirtíocht i measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta

Roghnaítear na scoileanna samplacha lena gcuimsiú i measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhonn eolaíoch d'fhonn a chinntiú go gcuirtear cionta iomchuí scoileanna

éagsúla san áireamh (mar shampla, scoileanna móra, meánmhéide agus beaga; scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad; scoileanna cailíní, scoileanna buachaillí agus scoileanna comhoideachais; scoileanna Béarla agus Gaelscoileanna; agus ar an leibhéal iar-bhunscoile, meánscoileanna deonacha, scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha agus scoileanna in earnáil na gcoistí gairmoideachais). Cinntíonn sé seo go léiríonn a sonraí ó na measúnuithe córas scoile na hÉireann go fírinneach.

D'fhonn a chinntiú go bhfuil na measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta bunaithe ar shamplaí roghnaithe eolaíocha ar dhaltáí agus scoileanna, ceanglófar ar scoileanna comhoibriú le trialacha náisiúnta agus idirnáisiúnta dá leithéid i gcás go n-iarrfaidh an tAire Oideachais agus Scoileanna orthu amhlaidh a dhéanamh le héifeacht ó dháta an chiorcláin seo.

9. SEICLIOSTA ACHOMAIR AR RIACHTANAIS

Iarrtar ort foráil a dhéanamh do cheanglais an chiorcláin seo i do scoil tríd an méid seo a leanas:

- an t-am a chaitear ar litearthacht a mhéadú go dtí 6.5 uair in aghaidh na seachtaine do ranganna na naíonán agus go dtí 8.5 uair in aghaidh na seachtaine do dhaltáí a mbíonn lá iomlán acu* Féach Rannóg 5.2 le haghaidh sonraí
- an t-am a chaitear ar mhatamaitic a mhéadú go dtí 3 uair agus 25 nóiméad do ranganna na naíonán agus go dtí 4 uair agus 10 nóiméad in aghaidh na seachtaine do dhaltáí a mbíonn lá iomlán acu* Rannóg 5.2
- athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas measúnaithe do scoile agus a chinntiú go dtugtar aird ann ar fhoilseachán an CNCM, Measúnú sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna (2007) agus ar na ceanglais sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearhachta.* Rannóg 6.2 agus Rannóg 6.3
- trialacha caighdeánaithe a chur chun feidhme le linn na tréimhse Bealtaine/Meitheamh i gcás daltaí i rang a 2, i rang a 4 agus i rang a 6, le héifeacht ó 2012 i leith* Rannóg 6.4
- torthaí na dtrialacha caighdeánaithe a choimeád go cúramach sa scoil agus iad a chur ar fáil d'oifigigh na Roinne lena n-iniúchadh* Rannóg 6.7
- dul chun cinn a leanaí a thuirisciú do thuismitheoirí ag úsáid teimpléid an CNCM chun na críocha sin agus trí thorthaí trialacha caighdeánaithe ar bith a rinneadh a chur ar áireamh sna cártaí tuairisce. (Tá bileoga faisnéise forbartha ag an CNCM do thuismitheoirí ina mínítear torthaí trialacha caighdeánaithe (www.ncca.ie) agus ba cheart iad a iniámh leis na tuairiscí)* Rannóg 7.1 go dtí Rannóg 7.4 agus iad sin san áireamh
- cóipeanna d'fhaisnéis cárta tuairisce agus de thorthaí thrialacha caighdeánaithe na ndaltaí a chur ar fáil do phríomhoidí na scoileanna chuige n-aistríonn daltaí; (ag deireadh an tséú ranga nó níos luaithe); ní féidir an fhaisnéis seo a aistriú go dtí an scoil nua go dtí go rollóidh an dalta sa scoil sin* Rannóg 7.8
- torthaí na dtrialacha caighdeánaithe ar léitheoireacht agus ar mhatamaitic agus faisnéis mheasúnaithe eile a úsáid chun dul i gcion ar phlean do scoile um fheabhsú na scoile agus um fhéinmheastóireacht* Rannóga 7.5-7.6

- *socrú a dhéanamh maidir le torthaí comhiomlánaithe na dtrialacha caighdeánaithe a rinneadh i do scoil a thuairisciú don bhord bainistíochta agus don Roinn Oideachais agus Scileanna uair amháin sa bhliain*
- *comhoibriú le hiarratais ón Aire Oideachais agus Scileanna maidir le páirt a ghlacadh i measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le gnóthachtáil daltaí.*

Rannóga 7.8-7.9

Rannóg 8.3

AGUISÍN

SAMPLA DEN FHORMÁID MAIDIR LE TORTHAÍ TRIALACHA CAIGHDEÁNAITHE COMHIOMLÁNAITHE A THUAIRISCIÚ LE CUR ISTEACH CHUIG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA Ó MHEITHEAMH 2012 I LEITH

Uimhir rolla		Contae		Scoil	
---------------------	--	---------------	--	--------------	--

LÉITHEOIREACHT BHÉARLA

Cuir isteach líon na ndaltaí le do thoil i rang a dó, i rang a ceathair agus i rang a sé a dtagann a **scóir** ar thriail chaighdeánaithe i léitheoireacht Bhéarla laistigh de na raonta seo a leanas maidir le trialacha a rinneadh i mBealtaine/Meitheamh 2012:

Rang	STen 1 — 3	STen 4	STen 5	STen 6	STen 7	STen 8 - 10	Líon na ndaltaí arna n-eisiamh ón triail	An líon iomlán ar rolla sa rang	Triail a rinneadh
Rang a dó									Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T
Rang a ceathair									Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T
Rang a sé									Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach nó Triail Léitheoireachta Micra-T

Uimhir rolla		Contae		Scoil	
--------------	--	--------	--	-------	--

LÉITHEOIREACHT GHAELIGE (LE HÚSÁID I SCOILEANNA GAELTACHTA AGUS LÁN-GHAELIGE AMHÁIN)

Cuir isteach líon na ndaltaí le do thoil i rang a dó, i rang a ceathair agus i rang a sé a dtagann a **scóir** ar thriail chaighdeánaithe i léitheoireacht Ghaeilge laistigh de na raonta seo a leanas maidir le trialacha a rinneadh i mBealtaine/Meitheamh 2012:

Rang	STen 1 — 3	STen 4	STen 5	STen 6	STen 7	STen 8 - 10	Líon na ndaltaí arna n-eisiamh ón triail	An líon iomlán ar rolla sa rang	Triail a rinneadh
Rang a dó									Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach
Rang a ceathair									Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach
Rang a sé									Triail Léitheoireachta Dhroim Conrach

Uimhir rolla		Contae		Scoil	
--------------	--	--------	--	-------	--

MATAMAITIC

Cuir isteach líon na ndaltaí le do thoil i rang a dó, i rang a ceathair agus i rang a sé a dtagann a **scóir** ar thriail chaighdeánaithe i Matamaitic laistigh de na raonta seo a leanas maidir le trialacha a rinneadh i mBealtaine/Meitheamh 2012:

Rang	STen 1 — 3	STen 4	STen 5	STen 6	STen 7	STen 8 - 10	Líon na ndaltaí arna n-eisiamh ón triail	An líon iomlán ar rolla sa rang	Triail a rinneadh
Rang a dó									Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Mhatamaitice Sigma-T
Rang a ceathair									Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Mhatamaitice Sigma-T
Rang a sé									Triail Matamaitice Dhroim Conrach nó Triail Mhatamaitice Sigma-T